

## Clár Ábhair

Brollach ón Stiúrtóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3
Réamhrá	4
Aidhm 1 – Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh	5
Aidhm 2 – Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí na gCuideachtaí a Nochtadh	11
Aidhm 3 – Sáruihte Braite ar Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh	17
Aidhm 4 – Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha	22
Aidhm 5 – Seirbhísí den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha	29
Conclúid	33
Aguisíní	34

### **Ráiteas Cóipchirt agus Séanta**

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dliteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© **Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2009**

Focal Factory a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliantúil seo go Gaeilge.

# Brollach



De bhun alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 is cúis áthais dom Tuarascáil na hOifige don bhliain 2008 a chur faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta Mary Coughlan T. D.

I gcaitheamh na bliana 2008 shaothraigh OSFC an cuspóir atá aici géilliúntas i leith dlí na gcuideachtaí a fheabhsú. Glacann an Oifig cur chuige dériain maidir leis an ról atá aici. Is mian léi ar an gcéad dul síos an géilliúntas deonach a spreagadh agus a éascú trí réim eolais na bpáirtithe leasmhara ábhartha sa chuideachta ar a gcearta agus ar a bhfreagrachtaí a dhoimhniú agus a leathnú. Is mian léi ar an dara dul síos an géilliúntas a smachtú trí réimse gníomhaíochtaí ar a n-áirítear na páirtithe lena mbaineann a spreagadh chun cosc a chur ar shárúithe braite agus ionchúisimh choiriúla a thionscnamh i gcás go bhfuil na sárúithe ar dhlí nó ar dhualgas níos tromchúisí.

Seo a leanas buaicpointí na bliana 2008 don OSFC rangaithe de réir gníomhaíocht phríomha:

- ceapachán Cigire na hArd-Chúirte do DCC plc, do S&L Investments Ltd. agus do Lotus Green Ltd. chun gnéithe de cheannach agus de dhíol scaireanna Fyffes plc i 1995 agus i 2000 a imscrúdú;
- foilseachán Lámhleabhair/Treorach mionsonraithe um Dhlí na gCuideachtaí i ndáil le Cuideachtaí Bainistithe Maoin Sealbhais d'fhonn a rialachas a fheabhsú;
- tinreamh ag thart ar 80 imeacht poiblí mar a ndearna foireann ó OSFC láithreoirreachtaí agus mar a ndeachaigh siad i dteagmháil leis an bpobal chun géilliúntas i leith Dhlí na gCuideachtaí a spreagadh;
- 32 chiontú, 20 duine dícháilithe agus duine amháin srianta. Sháraigh méid na bhfíneálacha, €46,600, ar gearradh riamh roimhe. B'as measúnú na hOifige ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte a d'eascair 12 cheann den 20 dícháiliú;
- méadú de 42% go dtí 406 ar líon na dtuarascálacha tosaigh leachtaitheora a fuarthas. Ba léiriú é sin ar an lag trá atá ar an ngeilleagar náisiúnta agus tá súil le breis agus dhá oiread na leachtuithe a tharla i 2008 sa bhliain 2009. Chinn an Oifig thart ar 350 tuarascáil tosaigh leachtaitheora freisin, ardú de 22% ar thorthaí na bliana 2007;
- ardú de 15% go dtí 584 ar líon na gcásanna a bhain le sárúithe líomhanta ar Achtanna na gCuideachtaí a dhún an Oifig i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh orthu. I bhformhór na gcásanna sin is i ndiaidh réiteach sásúil ar bhonn riaracháin ar an deacracht maidir le dlí na gcuideachtaí a dúnadh an cás. Cuireadh 78 gcás breise ar aghaidh go dtí an Oifig féachaint an mbeadh sé oiriúnach caingean dlí a thionscnamh ina leith;
- a cheithre oiread de mhéadú go €134 milliún ar mhéid na n-iasachtaí do stiúrthóirí arna thuairisciú ag iniúchóirí; tharla cuid mhaith acu sin i gcuideachtaí tógála agus maoin sealbhais. Tá an Oifig sásta gurbh é an fáth gur baineadh géilliúntas amach san oiread sin de chásanna í féin a bheith páirteach iontu, bhí cásanna eile fós á gcoinneáil faoi léirmheas ag deireadh na bliana;
- an chéad uair riamh a ciontaíodh stiúrthóir cuideachta as sócmhainní cuideachta a úsáid go feasach as de shárú ar na srianta dlíthiúla maidir le hiasachtaí a thairiscint do stiúrthóirí;
- an chéad chás riamh inar cuireadh pianbhreith choimeáda ar stiúrthóir cuideachta nár chuir an Chúirt ar fionraí í. Tá achomharc déanta ag an stiúrthóir atá i gceist in aghaidh an chiontaithe agus in aghaidh na pianbhreithe. Bhain an cás le duine a bhí ag gníomhú mar stiúrthóir de shárú ar ordú dícháilithe na hArd-Chúirte.

Is mian liom a chur in iúl gur mór agam an ceathrar ball breise foirne a chuir an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar fáil don Oifig i 2008 i gcomhréir le gealltanais na Roinne maidir le méadú ar leibhéal foirne na hOifige. Ba chionsiocard an méadú seo agus roinnt den mhéadú ar an bpróiseáil a thuairiscítear thuas.

Caitheadh €4.34 milliún i 2008, laghdú de bheagán ar an gcaiteachas de €4.37 milliún i 2007. Bhíothas in ann an laghdú sin a bhaint amach d'ainneoin an caiteachais a bhain le ceathrar ball breise foirne agus d'ainneoin chostas tosaigh an iniúchta DCC. Is tríd an ngearradh siar a rinneadh ar obair fógraíochta agus phoiblíochta tar éis don Rialtas a iarraidh go laghdófaí caiteachas nach raibh geallta is mó a riaradh ar an mbreis chostais seo.

Foireann lántiomnaithe a d'oibrigh go crua is ea a chinntigh an rath agus na torthaí breátha a baineadh amach i 2008. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo mar gheall ar a dtiomantas leanúnach d'obair na hOifige. Is tríd an obair a dhéanaimid i dteannta a chéile a chabhraimíd le lucht gnó, le leasanna poiblí agus leis an bpobal i gcoitinne chun dul i mbun páirtíochta le chéile go cóir agus go cothrom trí struchtúir chorparáideacha.

Ba mhaith liom an tacaíocht leanúnach a thug an tOireachtas, an Rialtas agus na Cúirteanna don Oifig san obair atá ar siúl aici a admháil freisin. Tá buíochas tuille freisin ag daoine gairmiúla i réimse an dlí agus na cuntasaíochta a thug taca dúinn i rith na bliana 2008. Tá súil agam go leanfaidh sin ar aghaidh i 2009 agus go n-éireoidh linn an difear a dhéanamh chun caighdeán chorparáideach a fheabhsú ar mhaithe leis an bpobal ina iomláine.

**Paul Appleby**  
**Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach**  
**31 Márta 2009**

# Réamhrá

Sainíonn Ráiteas Straitéise láithreach an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhfuil liostáilte anseo thíos mar aidhmeanna príomha an OSFC agus mar fo-aidhmeanna atá gaolta leo:

## Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

- Fo-aidhm 1.1: Eolas Áisiúil ar Dhlí na gCuideachtaí a Fhoilsiú
- Fo-aidhm 1.2: Géilliúntas a chur chun cinn
- Fo-Aidhm 1.3: Dlí na gCuideachtaí agus Cleachtais Chorparáideacha a Bhaineann leis a Fheabhsú

## Aidhm 2: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dhlí na gCuideachtaí a Nochtadh

- Fo-Aidhm 2.1: Socruithe um Nochtadh agus Tuairisciú a fhorbairt le haghaidh Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dhlí na gCuideachtaí
- Fo-Aidhm 2.2: Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Achtanna na gCuideachtaí a Aithint
- Fo-aidhm 2.3: Fiosrúcháin Foirmeálta Chuideachta a Thacú/Choimisiúnú

## Aidhm 3: Sáruithe Braite ar Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

- Fo-aidhm 3.1: Polasaí Forfheidhmithe Cothrom a Fhorbairt
- Fo-aidhm 3.2: Seasamh le Ceanglais Nochta Achtanna na gCuideachtaí
- Fo-aidhm 3.3: Pionós a Ghearradh ar Pháirtithe a Dhéanann Neamhshuim de Leasanna Cuideachta nó de Leasanna nach iad
- Fo-aidhm 3.4: Caingean Dlí a Thionscnamh i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Freagracht faoin Dlí

## Aidhm 4: Pionós a Ghearradh i leith Iompair Mhíchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

- Fo-aidhm 4.1: Maoirsiú a Dhéanamh ar Leachtaitheoirí agus iad ag Comlíonadh a nDualgas go Cuí
- Fo-aidhm 4.2: Iompar Stiúrtóirí i gCúinsí Leachtaithe Dhóchmhainnigh a Mheas
- Fo-aidhm 4.3: Pionós a Ghearradh i leith Iompair Chaloisigh nó Mhaslaigh

## Aidhm 5: Seirbhís den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

- Fo-aidhm 5.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú
- Fo-aidhm 5.2: Foireann a Fhorbairt
- Fo-aidhm 5.3: Seirbhísí Custaiméara den Scoth a chur chun cinn agus Caoi a Choinneáil Orthu

Déanann an Tuarascáil seo athbhreithniú ar an dul chun cinn i 2008 trí thagairt a dhéanamh do gach ceann de na haidhmeanna agus de na fo-aidhmeanna seo.

# Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

## Réamhrá

Ba den suntas an méid oibre a rinne an Oifig i 2008 chun a sainchúram i leith géilliúntais a chur chun cinn agus baineadh amach torthaí thar na bearta i réimsí éagsúla. Le linn don fhoireann feidhm an ghéilliúntais a fheidhmiú d'ullmhaigh agus d'eisigh siad roinnt foilseacháin shuntasacha, d'fhreastail siad ar níos mó ná 80 imeacht phoiblí agus chuir trína lámha níos mó ná 400 saincheist a bhain le géilliúntas i leith dhlí na gcuideachtaí. Dhéileáil Foireann Fáiltithe na hOifige leis an iomad ceisteanna de chineál níos gnáiche. Tríd is tríd ba bhliain an-shásúil a bhí inti.

## Fo-Aidhm 1.1: Faisnéis Inrochtana maidir le Dlí na gCuideachtaí a Fhoilsiú

D'eisigh an Oifig naoi bhfoilseachán faoi leith i 2008 (cúig i 2007). Tá an liosta iomlán ar fáil in **Aguisín 1.1.1** a ghabhann leis an Tuarascáil seo. Déileáiltear anseo thíos leis na cinn is suntasaí de na foilseacháin sin.

Tríd is tríd chuir an Oifig thart ar 24,000 cóip dá foilseacháin éagsúla i gcúrsaíocht i 2008. Tá gach ceann de na doiciméid nuafhoilsithe a phléitear anseo thíos ar fáil ag suíomh idirlín OSFC ag [www.odce.ie](http://www.odce.ie).

## Lámhleabhar faoi Chuideachtaí Bainistithe Úinéirí Maoin Sealbhais

Ba é an Lámhleabhar um Dhlí na gCuideachtaí faoi Chuideachtaí Bainistithe Úinéirí Maoin Sealbhais<sup>1</sup> arna fhoilsiú ag an Oifig an doiciméad treorach ba chuimsithe a eisíodh i 2008. Tá níos mó ná 200 leathanach sa bhfoilseachán tábhachtach sin agus cuireadh i dtoll a chéile é chun feidhmiú na gcuideachtaí seo a fheabhsú amach anseo. Bhí an cineál cuideachta seo maille leis an gceist níos leithne faoi fhorbairt ilaonaid a raibh na cuideachtaí seo bainteach leo ina ábhar conspóide poiblí a pléadh go tráthrialta le blianta beaga anuas. Maidir leis an Lámhleabhair/Treorach um Dhlí na gCuideachtaí arna fhoilsiú ag OSFC is é an ceann is deireanaí i sraith d'fhoilseacháin a d'eisigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí<sup>2</sup>, an Ghníomhaireacht Tomhaltóra Náisiúnta<sup>3</sup> agus páirtithe éagsúla eile inar tugadh aghaidh ar ghnéithe éagsúla den réimse.

Déileáilann Lámhleabhar OSFC leis na saincheisteanna iomadúla agus éagsúla a bhaineann le cuideachtaí bainistithe maoin sealbhais. Ar na hábhair ba thábhachtaí a pléadh bhí:

- bunchéimeanna in éabhlóid chuideachta bhainistithe maoin sealbhais;
- cumhacht vótála chomhaltaí na cuideachta;
- príomhról stiúrtóirí na cuideachta;
- a cruinnithe ginearálta bliantúla;
- an chead faoin dlí atá ag na comhaltaí iarratas ar fhaoiseamh a chur chuig an Ard-Chúirt agus
- ról agus cur chuige OSFC le linn di bheith ag déileáil le saincheisteanna maidir le cuideachta bhainistithe.

Cuireadh an Lámhleabhar i dtoll a chéile trí fhorbairt a dhéanamh ar Pháipéar Comhairliúcháin<sup>4</sup> a d'eisigh OSFC i Nollaig 2006. Rinneadh páirtithe leasmhara nach mór 70 aighneacht agus bhí tionchar mór ag na tuairimí agus ag na moltaí a léiríodh iontu ar obair ullmhúcháin an Lámhleabhair sular cuireadh an cruth deiridh air. Foilsíodh tráchttaireacht ar an haighneachtaí sin freisin in éindí leis an Lámhleabhar.

## Leabhrán um Cuideachtaí Bainistithe – Treoir i leith Dhlí na gCuideachtaí d'Úinéirí Maoin Sealbhais

Mar leabhar compánach don Lámhleabhar atá sách fada d'eisigh an Oifig freisin Leabhrán dar teideal - "Cuideachtaí Bainistíochta – Treoir d'Úinéirí Maoine maidir le Dlí na gCuideachtaí." Ullmhaíodh an treoir achomair seo d'fhonn forléargas a thabhairt do ghnáthchomhaltaí i gcuideachtaí bainistithe maoin chónaithe (.i. úinéirí na maoine sealbhais) maidir lena gcearta faoi dhlí na gcuideachtaí. Is éard a bhí an Leabhrán ceaptha a dhéanamh tráth a scríofa réamheolas ar an réimse a sholáthar; chuirfeadh sé ar chumas daoine ar spéis leo níos mó a fhoghlaim fairsingiú a fháil ar na sonraí a bhí ann tríd an Lámhleabhar a cheadú.

Mínítear sa Leabhrán coincheapa na cuideachta bainistithe agus an ghníomhaire bhainistithe agus tá léirithe ann ról na stiúrtóirí, ról na gcomhaltaí agus ról rúnaí na gcuideachta. Tugtar chun suntais ann an tábhacht atá le ráitis airgeadais na cuideachta, leis an iniúchadh agus leis an tuairisceán bliantúil agus mínítear ann cén chaoi ar féidir le dlí na gcuideachtaí teacht i gcabhair ar chomhaltaí atá ag iarraidh a gcearta a dhearbhu. Sainítear sa Leabhrán freisin an ról sách teoranta atá ag OSFC maidir le haghaidh a thabhairt ar iomad na bhfadhbanna a thagann chun cinn i dtaca le cuideachtaí bainistithe.

1 Fógra Cinnidh D/2008/1. Tá an Lámhleabhar ar fáil ar iasacht ón Oifig nó ag [www.odce.ie](http://www.odce.ie).

2 Féach ar Tuarascáil ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le Forbairt Ilaonad (Meitheamh 2006) atá le fáil ag [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie).

3 Féach Conclúid agus Torthaí Fóram na bPáirtithe Leasmhara i bhForbairt Ilaonaid agus Ceannach agus Cónaí i Maoin Sealbhais Ilaonaid in Éirinn i bhfoilseacháin na Gníomhaireacht Tomhaltóra Náisiúnta (Meán Fómhair 2008). Tá an dá dhóiciméad ar fáil ag [www.consumerproperty.ie](http://www.consumerproperty.ie).

4 Fógra Comhairliúcháin C/2006/2 – Dréacht-Treoir OSFC ar Rialachas Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí Árasáin.





### *Lámhleabhar agus Treoir Achomair faoi Chuideachtaí Bainistithe Úinéirí Maoine Chónaithe*

Tá an Leabhrán comhchuí leis an áisiúlacht atá ceaptha dó; cuireadh i dtoll a chéile é i gcomhar leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh agus fuair sé an marc Béarla Soiléir. Tá idir an Lámhleabhar agus an Leabhrán ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar shuíomh idirlín OSFC ag [www.odce.ie](http://www.odce.ie). Mar dheis tagartha tá curtha ar fáil ar an suíomh idirlín freisin leagan caibidil i ndiaidh a chéile den Lámhleabhar<sup>5</sup>.

Eisíodh roinnt míle cóip den Leabhrán chuig chomhlachtaí bainistíochta, chuig leabharlanna, chuig ionaid chomhairle saoránach agus chuig ionadaithe poiblí i ndiaidh a fhoilsithe.

### **Páipéar Chomhairliúcháin faoi Nochtadh Scéil agus Dlí na gCuideachtaí**

D'eisigh an Oifig trí cinn faoi leith de Pháipéir Chomhairliúcháin i 2008. Foilsíodh an chéad ceann díobh i Meitheamh agus pléadh ann an mhaith a dhéanann an foráil maidir le nochtadh scéil i ndlí na gcuideachtaí in Éirinn<sup>6</sup>. Is ag deireadh 2007/go luath i 2008 go príomha a chuir foireann OSFC an Páipéar Chomhairliúcháin seo i dtoll a chéile chun rannchuidiú le hiniúchadh ar inmhianaitheacht foráil maidir le nochtadh scéil a chur sa Bhille nua um Chomhdhlúthú na gCuideachtaí<sup>7</sup> a rinne an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Chuideachta (GADC).

Cuireann an páipéar anailís fhorleathan ar fáil maidir le nochtadh scéil laistigh agus lasmuigh de chomhthéacs dhli na gcuideachtaí trí thagairt a dhéanamh do thaithe dreamanna náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá moladh modhúil reachtach de chuid OSFC ann ar iarracht é comhthoil a chruthú chun foráil i leith nochtadh scéil a chur i ndlí cuideachtaí na hÉireann.

Ar an drochuair ní rabhtas in ann tacaíocht GADC a fháil don mholadh seo. Sa Tuarascáil Bhliantúil a chuir sé faoi bhráid an Aire i Márta 2008<sup>8</sup> mhol GADC gan foráil maidir le nochtadh scéil a bhain go sonrach le dlí na gcuideachtaí a chur sa Bhille nua um Chomhdhlúthú na gCuideachtaí. Ag deireadh na bliana, tuigtear gur ghlac an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le moladh seo an GADC.

In ainneoin mholadh an GADC cinneadh i 2008 go bhfoilseofaí ar leithligh agus glan ar mheasúnacht an GADC féin taighde agus anailís luachmhar OSFC faoi nochtadh scéile. Ag féachaint do na cúinsí as ar eascair foilseachán an Pháipéir Chomhairliúcháin níor socraíodh aon chreat ama faoi leith chun aiseolas a fháil maidir lena raibh d'ábhar ann<sup>9</sup>.

### **Páipéar Chomhairliúcháin faoi Dhréachtráiteas Straitéise OSFC, 2009-2012**

D'eisigh an Oifig i mí Iúil Páipéar Chomhairliúcháin faoi Ráiteas nua Straitéise OSFC don tréimhse 2009-2012<sup>10</sup>. Bhí gearr-ráiteas sa Pháipéar a ndearnadh achoimre ar straitéis reatha na hOifige maille le sraith cheisteanna a d'irraidh tuairimí fóinteacha maidir le treoir meántearma agus fadtéarma na hOifige a mhealladh ó lucht a léite. Bhí deireadh leis an tréimhse comhairliúcháin an 30 Meán Fómhair agus fuair an Oifig 13 aighneacht.

Reáchtáil an Oifig roinnt cheardlanna agus chruinnithe don fhoireann d'fhonn ábharthacht na straitéise láithrí agus a oiread agus ba ghá athruithe a dhéanamh amach anseo a mheas.

Tá an Stiúrthóir ag breithniú an ionchuir uile agus á chur isteach i Ráiteas Straitéise nua agus déanfar iarracht sa doiciméad deiridh cuntas iomlán a dhéanamh ar na hathruithe suntasacha a tháinig ar an gcomhshaol eacnamúil agus rialúcháin le roinnt míonna anuas.

### **Páipéar Chomhairliúcháin faoi Pháirtithe Leasmhara i gCuideachtaí Scéim Méadaithe Gnó**

I mí Mheán Fómhair 2008 d'eisigh an Oifig Páipéar Chomhairliúcháin do stiúrthóirí agus d'infeisteoirí i gcuideachtaí a thairbhígh den Scéim Méadaithe Gnó agus dá

5 Ar fáil ag [www.odce.ie/ga/media\\_general\\_publications\\_article.aspx](http://www.odce.ie/ga/media_general_publications_article.aspx).

6 Páipéar Chomhairliúcháin C/2008/1 – Plépháipéar dar teideal 'Whistle-blowing and Irish Company Law'.

7 Tá roinnt eolais faoi chúlra na hoibre seo ar fáil freisin i dTuarascáil Bhliantúil na hOifige do 2007.

8 Tá Tuarascálacha Bliantúla GADC ar fáil ag [www.clrg.org](http://www.clrg.org).

9 Féadfar tuairimí ar an bPáipéar Chomhairliúcháin um Nochtadh Scéile a sheoladh go [consultation@odce.ie](mailto:consultation@odce.ie).

10 Páipéar Chomhairliúcháin C/2008/2 - Dhréachtráiteas Straitéise Nua OSFC.

scéim deirféar, an Scéim Síolchaipitil<sup>11</sup>, d'fhonn fadhbanna maidir leis na cuideachtaí sin a thagann chun cinn ó thráth go chéile a mhaolú. Cé gurb iad na Coimisinéirí Ioncainm is príomhfhoinsé treorach i ndáil leis na scéimeanna seo, bhí Páipéar Comhairliúcháin OSFC ag díriú go háirithe ar chearta agus ar fhreagrachtaí stiúrthóirí agus infheisteoirí faoi dlí na gcuideachtaí. Míníodh ann freisin ról tábhachtach an iniúcháora maidir le dearbhú a sholáthar do pháirtithe leasmhara.

Fuair an Oifig ocht bhfreagra ar an bPáipéar Comhairliúcháin. Táthar ag dréachtú na treorach deiridh faoi láthair agus tá sá de rún ag an Oifig í a fhoilsiú sa chéad leath de 2009.

### 'Corporate Compliance Matters'

D'fhoilsigh an Oifig an nuachtlitir 'Corporate Compliance Matters' i gcomhar leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí mar chuid dá gcomhoibriú leanúnach. Eisíodh an nuachtlitir i Márta 2008 agus dáileadh í ar 240,000 stiúrthóir cuideachta ag a seolta baile. Scríobh foireann na hOifige trí alt ar na hábhair a leanas:

- réimsí arbh fhiú do stiúrthóirí cuideachta aird a dhíriú orthu. Bhí sé seo bunaithe ar thaithí dheireanach na hOifige le linn di déileáil le cásanna inar cuireadh neamhghéilliúntais in iúl di;
- bainistiú praiticiúil fiachais do stiúrthóirí cuideachta, agus
- deacrachtaí gnó a admháil agus aghaidh a thabhairt orthu.

### Bileoga Treorach

D'fhoilsigh an Oifig bileoga treorach ar aon leathanach a dáileadh amach ag láithreoirachtaí, ag taispeántais agus ag comhdhálacha a raibh foireann OSFC ag freastail orthu. Bhí na hábhair a pléadh iontu oiriúnach do na coinníollacha deacra eacnamúla atá ann faoi láthair.

- cearta creidiúnaithe;
- an scrúdú sláinte corparáideach, agus
- deacrachtaí gnó a admháil agus aghaidh a thabhairt orthu.

### Foilseacháin Phleanáilte

I 2008 thug an Oifig chun críche den mhórchuid mhór an obair a bhain le roinnt leabhrán achoimre a bhí ceaptha bheith ina bhfoilseacháin chompanacha do Leabhair Faisnéise<sup>12</sup> níos cuimsithí faoi dhualgais agus faoi chumhachtaí stiúrthóirí, rúnaithe, scairshealbhóirí agus creidiúnaithe cuideachta, etc. Tá an marc Béarla Soiléir

faighte ag na leabhráin seo ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh agus beidh fáil orthu sul i bhfad. Beidh leaganacha Gaeilge de na foilseacháin seo ar fáil freisin.

## Fo-Aidhm 1.2: Géilliúntas a Chur Chun Cinn

### Obair Aighneachta

Chuir an méadú foirne ar chumas na hOifige tuilleadh oibre a dhéanamh chun stiúrthóirí cuideachta agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas maidir le gnéithe tábhachtacha de dhlí na gcuideachtaí. Chuaigh an Oifig i mbun feachtas fógraíochta ar an raidió in athuair sa chéad leath de 2008 agus dhírigh ar thopaicí a bhí ábhartha do stiúrthóirí agus do scairshealbhóirí. I gcás ábhartha, chuir an Oifig fógraí fánacha i bhfoilseacháin éagsúla ag tabhairt suntais do shaincheisteanna tábhachtacha maidir le dlí na gcuideachtaí agus ag neartú na teachtaireachta *Bí ar an Eolas* ("Get Informed"). Rinneadh gearradh siar riachtanach áfach ar an gcaiteachas ar fhógraíocht agus ar phoiblíocht sa dara leath den bhliain ar iarratais ón Rialtais ciorruithe a dhéanamh ar chaiteachas nach raibh geallta.

I 2008 freisin cuireadh le méid na láithreoirachtaí a rinne foireann OSFC os comhair stiúrthóirí agus páirtithe leasmhara eile maidir le ceisteanna a bhain le dlí na gcuideachtaí agus maidir le hobair na hOifige. Tríd is tríd rinne foireann na hOifige thart ar 65 láithreoiracht os comhair 3,100 duine (45 láithreoiracht i 2007). Tá liosta iomlán de na láithreoirachtaí ar fáil in **Aguisín 1.2.1**.



*An tAire Gnóthai Eachtracha, Micheál Martin, TD, ag buaileadh le foireann OSFC ag Seó BT na nGnóthas Beag i gCorcaigh an 16/17 Bealtaine 2008.*

Dhírigh an Oifig a haird ní hamháin ar stiúrthóirí cuideachta príobháidí agus ar dhaoine gairmiúla a leithéidí cuntasóirí agus aturnaetha ach ar an earnáil phobail agus dheonach ar minic a bhíonn comhdhéanamh cuideachta ar a baill d'fhonn áis a bhaint as maoiniú poiblí. Is oibrithe deonacha nach bhfaigheann íocaíocht roinnt mhaith de na stiúrthóirí

11 Páipéar Comhairliúcháin C/2008/3 – Dréachtreoir do Infheisteoirí agus do Stiúrthóirí i gCuideachtaí a bhaineann áis as an Scéim Méadaithe Gnó agus as an Scéim Síolchaipitil.  
 12 Fógra Cinnidh D/2002/1.

cuideachta seo agus teastaíonn faisnéis uathu maidir le tábhacht an ról atá acu mar stiúrthóirí agus maidir leis na hoibleagáidí dlí a ghabhann leis an ról sin.

D'fhreastail foireann na hOifige ar sé cinn déag de thaispeántais, de chomhdhálacha agus d'imeachtaí (seacht i 2007). Tá liosta de na himeachtaí a ndearnadh freastal orthu in **Aguisín 1.2.2**. Chuir an foireann faisnéis maidir le dlí na gcuideachtaí maille le coipeanna de leabhráin treorach ar fáil do na mílte duine a d'fhreastail ar na himeachtaí. I gcás ábhartha, glacadh le gearáin lena n-imscrúdú.

### Fiosruithe ón bPobal

I gcaitheamh na bliana, dhéileáil an Oifig ar bhonn leanúnach le ceisteanna de chineál ginearálta agus de chineál sonrach faoi dhlí na gcuideachtaí. Dhéileáil foireann fáiltithe OSFC le ceisteanna ginearálta a leithéidí iarratais ar chóipeanna den leabhrán treorach nó ceisteanna a bhain le sainchúram na hOifige.

Nuair a measadh go raibh gá le freagra níos meáite, d'fhreagair foireann ábhartha na ceisteanna. Dhéileáil an Oifig le thart ar 400 ceist ar an dóigh seo. Tá sampla de na fiosruithe seo i **Léiriú 1.2.2**. Cé gur chuir na daoine a rinne teagmháil leis an Oifig ceisteanna faoi réimse leathan ábhar a bhain le dlí na gcuideachtaí, ba iad na saincheisteanna a tháinig chun cinn go tráthrialta, díospóidí stiúrthóirí agus an chaoi arbh fhearr ceisteanna a leithéidí an bord a theacht i sáinn, cearta comhaltaí agus stiúrthóirí i gcuideachtaí bainistithe maoin chónaithe agus an oiread agus a bhí tús curtha ag Ionstraim Reachtúil le hachtúcháin shonracha de dhlí na gcuideachtaí a réiteach.

Rud eile ar fiú a luadh le 2008 go raibh méadú ar líon na ndaoine a ghlaoigh isteach le ceisteanna maidir le dócmhainneacht agus le neamhspleách. Mar a luaitear thuas, ba é an chaoi a d'fhreagair an Oifig ar na ceisteanna iomadúla sin airteagail agus bileoga treorach a chur i dtoll a chéile inar cuireadh roinnt faisnéise áisiúla ar fáil do stiúrthóirí cuideachta go háirithe.

#### Léiriú 1.2.2: Sampla de Fhiosruithe Poiblí ar dhéileáil an Oifig leo i 2008

<p>Ghlaoigh duine isteach le ceist maidir le fiacha nach raibh íoctha ag cuideachta a scoir de bheith ag trádáil. D'aistrigh an stiúrthóir sócmhainní na cuideachta go gnó nua ina dhiaidh sin agus lean de bheith ag trádáil mar thrádálaí aonair.</p>	<p>Cuireadh in iúl don té a ghlaoigh isteach gur ábhar sibhialta a bhí in aisghabháil fiach, gur bhain sé leis na páirtithe agus gur chóir comhairle dlí neamhspleách a iarraidh. Moladh don ghlaoiteoir dul go dtí suíomh idirlín OSFC agus treoir dheireanach maidir le Cearta Creidiúnaithe “Rights of Creditors” a cheadú.</p>
<p>Rinne comhalta cuideachta bainistithe gearán nach rabhtas ag bainistiú na cuideachta mar ba chúfí. Ba shuarach an obair chothabhála a bhíodhas ag déanamh ar an gcoimpléasc cé go raibh muirir sách ard á ngearradh. Níorbh fheasach do chomhaltaí na cuideachta bainistithe aon chruinnithe ginearálta bliantúla (CGBanna) a bheith tionóltha agus dá réir ní raibh focal le cloisteáil uathu nuair a toghadh na stiúrthóirí. Ní fuair siad riamh cóipeanna de ráitis airgeadais na cuideachta. De bhreis air sin rinne siad gearán maidir le feidhmíocht mhíshásúil an ghníomhaire bhainistithe.</p>	<p>Dúradh leis an té a ghlaoigh isteach nár mhór don chuideachta CGB a thionól gach bliain féilire agus nach gceadaítear tréimhse níos faide ná 15 mhí idir gach CGB. Tá sé de cheart ag comhaltaí fógra a fháil 21 lá sular tionóladh cruinniú maille le chlár oibre an chruinnithe agus cóipeanna dá ráitis airgeadais. Moladh don ghlaoiteoir dul go dtí suíomh idirlín OSFC agus súil a chaitheamh ar threoracha faisnéise maidir le dualgais chuideachtaí agus stiúrthóirí. Tugadh cuireadh dó freisin foirm ghearáin a chur isteach i ndáil le loiceadh na cuideachta CGBanna a thionól. Dúradh leis gurbh amhlaidh de ghnáth gur ábhar conartha idir an cuideachtaí bainistithe agus an gníomhaire a bhí i bhfeidhmíocht an ghníomhaire bhainistithe.</p>
<p>Chuir comhalta na cuideachta in iúl gur dhiúltaigh Rúnaí na Cuideachta dá iarratais ar chóip de chlár na gcomhaltaí ar an bhforas nach raibh sé de chead ag an gcuideachta faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí na sonraí a eisiúint gan réamhcheadúnas na gcomhaltaí.</p>	<p>Cuireadh in iúl don duine sin go raibh sé de chead ag comhaltaí cóip den chlár a fháil faoi Alt 119 de Acht na gCuideachtaí 1963. Má chliseann ar an gcuideachta an t-iarratas a chomhlíonadh is cóir gearán a chur chuig OSFC.</p>
<p>D'iarr stiúrthóir cuideachta cúnaimh i ndáil le díospóid inmheánach idir bheirt stiúrthóirí a bhí ina scairshealbhóirí freisin. Bhí ról an chinnteora glactha chuige féin ag stiúrthóir amháin acu agus bhí an duine eile eisiata aige ó gach aon ghné de bhainistiú na cuideachta. Is céard is féidir leis an stiúrthóir a dhéanamh?</p>	<p>Cuireadh in iúl don ghlaoiteoir gurbh ar an mbeirt stiúrthóirí a bhí an fhreagracht réiteach a fháil ar an díospóid. Más gá ba chóir comhairle dlí neamhspleách a iarraidh. Ar deireadh thiar, d'fhéadfadh an Ard-Chúirt foirceannadh na cuideachta a ordú.</p>



## Teagmhálaithe sna Meán

D'eisigh an Stiúrthóir cúig ráiteas fhoirmeálta preasa i 2008 mar a chuirtear in iúl in **Aguisín 1.2.3**. Dhéileáil an Oifig freisin le breis agus 100 ceist ó na meán.

Ó am go chéile rinne an Stiúrthóir roinnt agallamh leis na meán chun obair na hOifige i leith géilliúntais a chur chun cinn. Cás a léiríonn sin ba ea foilseachán na treorach maidir le cuideachtaí bainistithe.

Ina theannta sin scríobh foireann OSFC roinnt alt sna meán nó chuidigh le páirtithe eile chun alt a scríobh sna meán inar pléadh ceisteanna cosúil le hobair leanúnach na hOifige agus impleachtaí na ndeacrachtaí eacnamúla reatha ar dhlí na gCuideachtaí. Bhí an Oifig i súile an phobail i níos mó ná 500 alt sa phreas agus sna meán go háirithe i dtaca lena hobair forfheidhmithe.

## Fo-Aidhm 1.3: Dlí na gCuideachtaí agus Cleachtais a Bhaineann leis a Fheabhsú

Thug an Oifig dhá fhreagra foirmeálta do pháipéir chomhairliúcháin i 2008.

Tugadh an chéad cheann don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) agus bhain sé le Plépháipéar dá chuid ar Pholasaí i leith Ionchúiseamh mar ar pléadh Nochtadh Fáthanna na gCinntí<sup>13</sup>. San aighneacht a rinne an Oifig d'aontaigh sí go ginearálta le moladh an SIP na fáthanna a nochtadh in imthosca áirithe do na páirtithe a ndéanann siad dífeair dóibh i gcás a ndearnadh cinneadh gan cás a ionchúiseamh. Maidir le sonraí dúirt an Oifig go gcuirfí ar fáil nuair ba chúig ráiteas iomlán mar a nochtfaí na fáthanna ba thaca le cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh mura mbainfeadh nochtadh dá leithéid de cheart an duine ar a dheá-cháil nó ar thiomhde na neamhchiontacha.

Maidir leis an dara aighneacht ón Oifig ba fhreagra í ar Pháipéar Comhairliúcháin a d'eisigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) a bhain le trasúmh Treoir 2006/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>14</sup>. Foráiltear sa Treoir do cheangail nua maidir le, mar shampla, nochtadh i leith rialachas corparáideach, maidir le soiléiriú ar fhreagracht an bhoird as ráitis airgeadais agus as faisnéis thábhachtach neamhairgeadais, maidir le trédhearcacht i leith caidreamh idirghrúpa agus maidir le hidirbhearta le páirtithe bainteacha. Cuireadh sraith cheisteanna sa Pháipéar RFTF a bhain le cur chun feidhme na Treorach ar bhonn náisiúnta. Thacaigh an Oifig ar bhonn ginearálta le ceangail fheabhsaithe i leith nochtadh agus chuir i gcoinne aon mhéaduithe ar thairseacha a cheadódh do chuideachtaí nochtadh dá leithéid a theorannú.

Bhí roinnt le rá ag an Oifig freisin le RFTF maidir le freagra Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn ar Dhhréachtbhillle um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid) 2008<sup>15</sup>. Chuir an Oifig in iúl go mbeadh sí ag tacú leis an nGarda Síochána le go gcoinneodh siad a gcumhachtaí reatha sa réimse seo agus léirigh na deacrachtaí ar casadh orthu ó thráth go chéile faoin dlí mar a bhí sé faoi láthair maidir le hainmneacha stiúrthóirí rógaire a chinntiú.

## Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí

Is ball an Stiúrthóir den Ghrúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí (GADC), agus ina cháil mar bhall d'fhreastail sé ar roinnt chruinnithe den Ghrúpa i 2008 mar ar cuireadh tús le plé ar an gclár oibre nua a mhairfidh ar feadh dhá bhliain go deireadh na bliana 2009.

Go deireanach i 2008 d'fhoilsigh an GADC a Thuarascáil Bliantúil don bhliain 2007 inar léiríodh an smaointeoireacht taobh thiar de na moltaí a rinne sé maidir leis na saincheisteanna a tháinig chun cinn faoina chlár oibre 2006/2007. Tá cóip de Thuarascáil an GADC ar a shuíomh idirlín ag [www.clrg.org](http://www.clrg.org). Gheofar breis eolais maidir leis na moltaí a raibh spéis ag OSFC iontu i dTuarascáil Bhliantúil OSFC don bhliain 2007.

## NSAI – ISO 26000 um Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach

Is suntasach an dul chun cinn atá déanta ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) i ndáil le caighdeán domhanda a chruthú i réimse na Freagrachta Sóisialta Corparáidí i 2008. Chuidigh OSFC ar bhonn leanúnach agus ar bhealach cuí leis an obair ina cáil mar bhall de Choiste Scátháin 'Mirror Committee' na hÉireann atá a bhainistiú ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus a bhfuil sé de thasc aige obair ISO a athbhreithniú ar son an Stáit. De bhrí go bhfuil an caighdeán ag céim Réamhdhréachtaithe Coiste faoi láthair, níl fáil ag an bpobal air chun é a scrúdú.

## Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (UMICE)

Tá an Stiúrthóir ina stiúrthóir ar bhord UMICE chomh maith le bheith ina bhall dá Choiste Luach Saothair agus lean sé leis i 2008 ag comhoibriú lena chomhghleacaithe stiúrthóirí chun sainchúram an Údaráis a chur chun cinn. Ag deireadh na bliana ceapadh é mar chomhalta ar Choiste Fiosrúcháin UMICE a dhéanfaidh imscrúdú i 2009 ar líomhaintí a rinneadh i gcoinne Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn in alt a scríobhadh i nuachtán tamall ó shin. Beidh cóip de Thuarascáil Bhliantúil UMICE ar fáil ag a shuíomh idirlín ag [www.iaasa.ie](http://www.iaasa.ie) i lár na bliana 2009.

13 Tá tuilleadh eolais ar Phlépháipéar SIP agus ar thorthaí an bhirt chomhairliúcháin ar fáil ag [www.dppireland.ie/publications/reasons\\_project/.ie/publications/reasons\\_project/](http://www.dppireland.ie/publications/reasons_project/.ie/publications/reasons_project/).

14 Tá teacs iomlán na Treorach ar fáil ag <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CELEX:32006L0046:EN:HTML>.

15 Tá tuilleadh faisnéise faoin mBille seo ar fáil ag [www.justice.ie/en/JELR/Pages/PB08000277](http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/PB08000277).

## International Association of Insolvency Regulators (IAIR)

Is ball OSFC de IAIR agus bíonn sé rannpháirteach ar bhonn gníomhach ina chlár oibre bliantúil. Ag a gComhdháil Bhliantúil i St Petersburg i Meitheamh léirigh foireann OSFC torthaí dhá staidéar taighde a rinne OSFC thar cheann IAIR.

Bhain staidéar amháin le fíúntas comhroinnt faisnéise idir rialaitheoirí dócmhainneachta náisiúnta i gcúinsí ina bhfuil tráchtáil an domhain ag méadú níos mó ná riamh thar theorainneacha náisiúnta amach. Is de bharr an taighde a cuireadh eolaire ar fáil le foinsí faisnéise do bhaill IAIR chun cuidiú leo i gcás go raibh siad ag iarraidh comhoibriú lena chéile tráth a mbeadh dócmhainneachtaí trasnáisiúnta nó dócmhainneachtaí náisiúnta le diminsean idirnáisiúnta i gceist. Is i gcomhar le hOifig an Mhaoirseora Féimheachta i gCeanada a rinneadh an taighde seo.

Sa dara staidéar taiscéaladh an oiread agus a tugadh aitheantas frithpháirteach i ndlínsí IAIR do phionóis a cuireadh ar dhaoine aonair de bharr a mí-iompair san am atá caite in imthosca dócmhainneachta. Thug an staidéar le tuiscint go mbeadh breis oibre tairbhiúil chun na creata rialúcháin a neartú anseo agus i gCeanada. Tá tuarascálacha an dá staidéar ar fáil i rannán na bhfoilseachán de shuíomh idirlín IAIR ag [www.insolvencyreg.org](http://www.insolvencyreg.org).

Ar cuireadh ó IAIR gheall OSFC go mbeadh sí ina óstach ar a Chomhdháil don bhliain 2010 i mBaile Átha Cliath.

## Léirmheas Lucht Aonghairme ECFE ar an gComhdháil um Breabaireacht

Rinne tagairt i dTuarascálacha Bliantúla OSFC 2006 agus 2007 don Chomhdháil um Chomhrac Bhreabaireacht na n-Oifigeach Poiblí Eachtrannach in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta (1997).<sup>16</sup> I ndáil le hoibleagáidí na hÉireann faoin gComhdháil seo den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) a chur chun feidhme, bhunaigh an Rialtas Coiste Géilliúntais Oifigeach Sinsearach i 2007 agus tá ball foirne OSFC ag freastail ar an gCoiste seo.

I Meitheamh 2008, thug foireann imscrúdaithe (le himscrúdaitheoirí ceannaireachta ón Eastóin agus ón Nua-Shéalainn, maille le hoifigigh ó Rúnaíocht an ECFE) cuairt ar Bhaile Átha Cliath d'fhonn a raibh déanta ag Éire chun a hoibleagáidí faoin gComhdháil a chur chun feidhme a fhiosrú. Bhí plé le ag na himscrúdaitheoirí le líon mór de na páirtithe lena mbaineann ar a n-áirítear oifigigh OSFC. Rinneadh tuarascáil measúnaithe ECFE ina dhiaidh sin ar chur chun feidhme na Comhdhála ag Éire agus foilsíodh i Nollaig 2008 í.<sup>17</sup>

## Páirtíocht leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí (CAD)

Mar a tugadh le fios sa Tuarascáil Bhliantúil i 2007 thug OSFC freagairt ar Pháipéar Comhairliúcháin an CAD faoi Fhorbairtí Ilaonaid. Sa chéad leath de 2008 chuaigh OSFC i mbun páirtíochta leis an gCoimisiún in athuair chun cuideachtaí bainistithe maoin sealbhais a phlé.

Ag leanúint as an bPáipéar Comhairliúcháin d'fhoilsigh an CAD Tuarascáil dar teideal Forbairtí Ilaonaid 'Multi-Unit Developments'<sup>18</sup> i Meitheamh 2008. Rinneadh inter alia sa Tuarascáil seo moltaí éagsúla maidir le hathrú faoin dlí, agus in **Aguisín 2** den Tuarascáil tá dréacht-Bhille um Fhorbairtí Ilaonaid a bhfuil sé d'aidhm aige na moltaí sa Tuarascáil a chur i bhfeidhm. Ba chúis sásaimh do OSFC na tráchtaí fabhracha faoi obair threorach OSFC i ndáil le cuideachtaí bainistithe maoin sealbhais i dTuarascáil an Choimisiúin.

## Coiste Idir-rannóige Ardleibhéil um Fhorbairtí Ilaonaid

Tar éis fhoilseachán Pháipéar Comhairliúcháin an CAD ar Fhorbairtí Ilaonaid, chinn an Rialtas i 2007 Coiste Idir-Rannóige Ardleibhéil a bhunú ina mbeadh ionadaithe ó na Rannóga agus ó na hOifigí ábhartha a chabhródh chun freagra comhleanúnach agus cuimsitheach a thabhairt ar anailís agus ar mholtaí an Choimisiúin. D'fhóin oifigeach OSFC mar chomhalta sa Choiste seo a fhad is a bhí an Coiste i mbun gníomhaíochtaí.

I Lúnasa 2008 chuir an Coiste foirceann leis an bplé agus chuir sé an Tuarascáil ar aghaidh chuig an gCoiste Chomh-Aireachta um Fhorbairtí Ilaonaid (i ndiaidh fhoilseachán Thuarascáil an CAD do mhí an Mheithimh 2008 dá dtagraítear thuas).

## Conclúid

Is príomhinneall tiomána chun cultúr an ghéilliúntais a chur chun cinn sa Stát obair na hOifige i ndáil leis an ngéilliúntas. Le go mbeidh an obair sin éifeachtúil áfach ní mór go dtabharfar tacaíocht di trí chóras inchreidte le gníomhartha cothroma agus éifeachtúla a spreagfaidh daoine agus eagrais chun mainneachtanaí a cheartú agus chun lucht an éagóra a phionósú más cuí. Leagtar amach sna rannán eile den Tuarascáil seo an chaoi a ndearna an Oifig an obair seo i 2008.

<sup>16</sup> Tá faisnéis faoin gComhdháil ar fáil ag [www.oecd.org](http://www.oecd.org) agus ag [www.anticorruption.ie](http://www.anticorruption.ie).

<sup>17</sup> [www.oecd.org/dataoecd/33/6/41869600.pdf](http://www.oecd.org/dataoecd/33/6/41869600.pdf)

<sup>18</sup> LRC 90 – 2008, ar fáil ag [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie).